C/2023/564

6.11.2023

FÓGRA FOLÚNTAIS UIMH. COR/AD 14/35 BIS/23

Stiúrthóir (F/B) [1]

(C/2023/564)

Stiúrthóireacht	Stiúrthóireacht an Aistriúcháin
Folúntas	AD 14
Cineál poist	STIÚRTHÓIR
	Foilseachán faoi Airteagal 29§ 2 de na Rialacháin Foirne [2]
	Foilsiú comhuaineach faoi Airteagal 29§ 1 de na Rialacháin Foirne
Dáta Foilsithe	6 Samhain 2023
Spriocam:	**15 Nollaig 2023 ag meán lae (am na Bruiséile, ALE)**

1. **An Timpeallacht Oibre**

Comhoibríonn Coiste Eorpach na Réigiún (CnR) agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESC) líon áirithe seirbhísí faoi chomhaontú comhair. Tá Stiúrthóir ar Stiúrthóireacht an Aistriúcháin laistigh de chomhsheirbhísí an dá Choiste comhairleacha á lorg againn faoi láthair.

Agus é ag obair faoi údarás díreach Ard-Rúnaithe na gCoistí réamhráite, agus laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar dó nó di leis an gcomhaontú um chomhar riaracháin idir CnR agus an CESE, beidh an Stiúrthóir freagrach as an straitéis fhadtéarmach le haghaidh na seirbhísí teanga a shainiú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear anailís réamhghníomhach a dhéanamh ar an éabhlóid a d'fhéadfadh teacht ar uirlisí agus teicneolaíochtaí TF, chun athruithe a réamh-mheas agus a chur chun feidhme lena ndírítear ar úsáid acmhainní a bharrfheabhsú agus chun réitigh theangeolaíocha atá nua-aimseartha, solúbtha agus réamhbhreathnaitheach a fhorbairt do na Comhaltaí agus d'fhoireann an dá Choiste.

Faoi láthair tá 13 aonad teanga agus aonad bainistíochta aistriúcháin amháin i Stiúrthóireacht an Aistriúcháin a fhostaíonn thart ar 360 ball foirne den dá Choiste.

Is iad príomhchúraimí na Stiúrthóireachta [3]:

— seirbhísí aistriúcháin agus seirbhísí teanga gaolmhara a sholáthar do Chomhaltaí agus do sheirbhísí uile an dá Choiste. Féadfaidh sí cabhrú freisin leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí sin de chuid an Aontais a bhfuil a gcuid seirbhísí aistriúcháin féin acu nuair a bhíonn buaicphointí ualaigh oibre acu nó i gcás tionscadal ar leith,

— forbairtí amach anseo i dtéarmaí aistriúcháin ríomhchuidithe a réamh-mheas, próisis ghnó sna seirbhísí teangeolaíochta a chuíchóiriú, tairiscint seirbhísí agus uirlisí oibre a choigeartú de réir forbairt na dteicneolaíochtaí, trí idir-inoibritheacht agus comhlántacht na gcóras TF inmheánach agus idirinstitiúideach a dheonú,

(1) Measfar freisin gur tagairt do dhuine den ghnéas baineann aon tagairt san fhógra seo do dhuine den ghnéas fireann.
(2) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.
(3) Má tá tuilleadh eolais uait ar Choiste Eorpach na Réigiún agus ar na tosaíochtaí polaitiúla atá aige dá théarma cúig bliana, féach an nasc seo a leanas: https://cor.europa.eu/en/engage/brochures/Documents/Bringing Europe closer to people – The political priorities of the European Committee of the Regions 2020-2025/4325 Political Priorities Brochure.pdf
Má tá tuilleadh eolais uait ar obair agus ar thosaíochtaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, féach an nasc seo a leanas: https://www.eesc.europa.eu/

— pobal de shaineolaithe teanga ilfhiúsacha a thógáil a bheidh in ann, trína ngairmoiliúint agus a bhforbairt, cur go gníomhach freisin le gníomhaíochtaí eile na hinstitiúide,

— bainistiú fónta na n-acmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil don Stiúrthóireacht a ráthú (laistigh de theorainneacha na bainistíochta lárnaí féideartha ar sholáthar agus ar chodanna d'oibríochtaí airgeadais na gComhsheirbhísí),

— comhar idirinstitiúideach agus sineirgí féideartha a chothú maidir le hábhair leasa choitinn.

2. **Cur síos gairid ar na príomhchúraimí**

Bainistíonn an Stiúrthóir Stiúrthóireacht an Aistriúcháin i gcomhar le Leas-Stiúrthóir a ghabhann, ó thaobh riaracháin de, le CESE, faoi údarás díreach Ard-Rúnaithe CnR agus CESE.

3. **Dualgais**

Is iad seo a leanas príomhchúraimí Stiúrthóir an Aistriúcháin:

— rannchuidiú le foireann bhainistíochta shinsearach an dá institiúid faoi cheannaireacht agus freagracht a nArd-Rúnaithe faoi seach

— straitéis teanga na gCoistí sa todhchaí a ullmhú agus a chur i bhfeidhm sa timpeallacht iar-COVID 19, na riachtanais seirbhíse atá ag teacht chun cinn, na forbairtí teicneolaíochta agus an cóimheas costais/tairbhe á gcur san áireamh;

— na cúraimí a dhéanann an Stiúrthóireacht a phleanáil, a eagrú agus a chomhordú d'fhonn gníomhaíochtaí an dá Choiste a chuíchóiri, seachadadh rianúil seirbhísí teangeolaíochta a dheonú agus réitigh réamhbhreathnaitheacha a sholáthar lena gceadófar do na Coistí a modhanna oibre agus a phróisis inmheánacha a nuachóiriú go leanúnach.

— comhoibriú le ranna eile a éascú chun nasc a chruthú idir gníomhaíochtaí teangeolaíocha agus gníomhaíochtaí cumarsáide;

— spreagadh a thabhairt d'athoiliúint ghairmiúil agus do bhreisoiliúint ghairmiúil comhghleacaithe a bhfuil cúlra teangeolaíochta amháin acu le gur féidir leis an institiúid leas iomlán a bhaint as acmhainneacht iomlán na n-athruithe i soláthar seirbhísí teangeolaíochta a bheidh dírithe ar theicneolaíocht agus a bhfuiltear ag súil leo, trí phróifílí agus comhpháirtíochtaí níos ilfhiúsacha a fhorbairt le seirbhísí neamhtheangeolaíocha;

— uirlisí ábhartha atá bunaithe ar TF agus lena dtacaítear le gníomhaíochtaí polaitiúla agus comhairliúcháin an dá Choiste a shainaithint i gcomhar leis na Stiúrthóireachtaí ábhartha go léir; a

— caidreamh éifeachtach idir-institiúideach a bhunú agus comhordú le Stiúrthóireachtaí eile chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní airgeadais, daonna agus TF;

— caighdeán na hoibre a dhéantar laistigh den Stiúrthóireacht a chinntiú;

— cumarsáid inmheánach laistigh den Stiúrthóireacht agus le Stiúrthóireachtaí agus ranna eile de chuid ardrúnaíochtaí ginearálta an dá Choiste a chinntiú;

— bainistíocht fhónta ar acmhainní airgeadais agus daonna na Stiúrthóireachta a áirithiú tríd an tionchar ionchasach a uasmhéadú i ndlúthchomhar leis an bhfoireann lárnach um sholáthar agus um thionscnamh airgeadais;

— freagrachtaí oifigigh údarúcháin a chomhlíonadh trí fho-tharmligean laistigh de na teorainneacha bunaithe;

— bainistíocht riosca leordhóthanach a dhéanamh agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir cuspóirí uile na Stiúrthóireachta a bhaint amach.

4. **Critéir incháilitheachta**

Tá an nós imeachta roghnúcháin oscailte do gach iarrthóir a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas ar an dáta atá socraithe chun iarratais a chur isteach:

— bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;

— cearta iomlána a bheith acu mar shaoránach agus teistiméireachtaí faoi charachtar cuí a thabhairt ar aird maidir lena n-oiriúnacht do chomhlíonadh na ndualgas;

— have fulfilled any obligations imposed on him by the laws concerning military service; a bheith i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta maidir le seirbhís mhíleata;

— be below retirement age, which, for officials and other staff of the EU, is set at the end of the month in which the age of 66 is reached; bheith faoi bhun na haoise scoir, a shocraítear, d'oifigigh agus d'fhoireann eile an Aontais Eorpaigh, ag deireadh na míosa ina bhfuil 66 bliana d'aois bainte amach acu;

— a shláinte fhisiciúil a bheith aige chun na dualgais a chomhlíonadh – chun é seo a fháil amach scrúdóidh oifigeach leighis CnR an t-iarrthóir rathúil roimh aon cheapachán;

— leibhéal ardoideachais a bheith aige atá comhionann le cúrsa iomlán staidéir ollscoile arna fhianú ag céim agus ar ceithre bliana nó níos mó gnáthréimhse na staidéar sin, nó leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán staidéar ollscoile arna fhianú ag céim agus ar trí bhliain ar a laghad gnáthréimhse na staidéar sin agus taithí ghairmiúil ábhartha aon bliana amháin ar a laghad ina dhiaidh sin;

— taithí ghairmiúil cúig bliana déag ar a laghad a bheith aige i réimse a bhaineann leis an bpost. As na cúig bliana déag thuasluaite, ní mór cúig bliana ar a laghad a bheith faighte i bpost bainistíochta (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis agus leibhéil níos airde);

— bheith líofa ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh mar phríomhtheanga agus eolas sásúil ar a laghad ar dhara teanga oifigiúil de chuid an Aontais; i bhfianaise chineál na ndualgas a bheidh le comhlíonadh, tá gá le heolas maith (íosleibhéal B2 den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha ([4])) ar an mBéarla nó ar an bhFraincis; measfar mar shócmhainn eolas sásúil ar a laghad ar an gceann eile den dá theanga seo.

Ní mór an gá atá le hoifigeach a earcú a bhfuil na cáilíochtaí inniúlachta, feidhmíochta agus ionracais is airde aige a chothromú le leasanna na seirbhíse, a éilíonn go mbeidh an t-iarrthóir ag feidhmiú láithreach agus in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh laistigh de na hinstitiúidí ina chuid oibre laethúla i gceann de na teangacha is mó a úsáideann oifigigh agus baill foirne eile an Aontais mar theanga oibre inmheánach. Mar sin is modh comhréireach é eolas teanga na n-iarrthóirí a thástáil le linn an nós imeachta earcaíochta chun a fhíorú go bhfuil na cáilíochtaí is airde acu chun dualgais an Stiúrthóra a chomhlíonadh i dtimpeallacht oibre CnR agus CESE. Iarrfar ar iarrthóir a bhfuil ceann de na teangacha thuasluaite mar phríomhtheanga aige é féin a chur in iúl go sásúil i dteanga oifigiúil seachas a phríomhtheanga le linn an agallaimh.

Ina theannta sin, is buntáiste é an cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh; ní mór comhlíonadh na gceanglas maidir le heolas teanga a lua sa dearbhú de mheon macánta (féach pointe 7.1 agus aguisín 1) agus déanfar meastóireacht air le linn an agallaimh (féach pointe 6).

5. **Scagadh incháilitheachta tosaigh agus réamhroghnú**

5.1. Is éard atá sa scagadh incháilitheachta tosaigh ná anailís ag an bpainéal roghnúcháin ar gach comhad a chuirtear isteach leis an bhfógra folúntais seo chun comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta a leagtar síos faoi phointe 4 a fhíorú. Tugann an ardrúnaíocht ghinearálta cúnamh don phainéal roghnúcháin.

([4]) https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-1-cefr-3.3-common-reference-levels-global-scale

5.2. ***Réamhroghnúchán páipéir***

Déanfar an chéim réamhroghnúcháin d'iarrthóirí incháilithe trí mheasúnú comparáideach a dhéanamh ar **a dtaithí ghairmiúil** bunaithe ar an bhfaisnéis atá i gcomhaid na n-iarrthóirí.

Tabharfar tús áite do na hiarrthóirí siúd a bhfuil an méid seo a leanas acu:

5.2.1. Scileanna ceannaireachta

— Taithí ar fhoirne móra ilchultúrtha a threorú (15 bhall foirne ar a laghad) lena n-áirítear aiseolas, measúnú agus forbairt foirne;

— Taithí ar mhaoirseacht laethúil ar obair bainisteoirí, lena n-áirítear aiseolas, measúnú agus forbairt foirne;

— Taithí ar bhainistíocht athruithe agus cumas cruthaithe chun athrú mórscála a chur chun feidhme i dtéarmaí modhanna oibre, uirlisí agus seirbhísí a thairgtear trí úsáid iomchuí a bhaint as teicneolaíochtaí agus réitigh réamhbhreathnaitheacha.

5.2.2. Scileanna caibidlíochta agus cumarsáide

— Taithí ar chumarsáid agus ar chaidreamh poiblí, ar líonraí agus grúpaí oibre a bheochan;

— Taithí ar thionscadail a bhfuil baint acu le roinnt geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha agus a bhfuil gné idirnáisiúnta leo a chaibidil go rathúil;

— Taithí ar phróisis mhóra claochlaithe a threorú a mbíonn tionchar acu ar mhodhanna oibre, ar struchtúr eagraíochtúil nó ar phróisis lárnacha.

5.2.3. Eolas agus taithí a bhaineann le nádúr na ndualgas

— Taithí oibre ar fhís straitéiseach a shainiú agus í a aistriú ina bpleananna gníomhaíochta nithiúla, a fuarthas go hidéalach i seirbhísí teanga i gcomhlacht idirnáisiúnta nó in eagraíocht a bhfuil leibhéil éagsúla geallsealbhóirí aici;

— Taithí ar athrú a chur chun feidhme, úsáid acmhainní a bharrfheabhsú agus modhanna oibre agus uirlisí a nuachóiriú trí theicneolaíochtaí;

— Eolas ar phróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh agus taithí i réimse an chomhair idirinstitiúidigh, i réimse teicniúil ábhartha más féidir;

5.2.4. Déanfar na nithe seo a leanas a mheas mar shócmhainní

— Eolas ar struchtúr agus ar fheidhmiú CnaR agus CESE, agus go háirithe ar a gcomhsheirbhísí;

— Taithí maidir le déileáil leis na nósanna imeachta riaracháin agus buiséadacha, chomh maith leis an gcreat dlíthiúil lena rialaítear gníomhaíochtaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí Eorpacha;

— Taithí roimhe seo maidir le seirbhísí móra aistriúcháin ilteangacha a bhainistiú agus maidir leis na huirlisí aistriúcháin is déanaí a úsáid;

— Cúlra acadúil críochnúil agus taithí ar TF, bainistíocht nó riarachán gnó;

— Dhéanfaí taithí mar oifigeach údarúcháin trí fho-tharmligean ar bhainistiú leithreasaí an Aontais a mheas.

5.2.5. Déanfar an réamhroghnúchán páipéir freisin i bhfianaise spéis an iarrthóra dualgais an Stiúrthóra Aistriúcháin a ghlacadh chomh maith lena thuiscint féin ar na dúshláin a bheidh le sárú ag an Stiúrthóireacht amach anseo, mar atá leagtha amach ina litir chumhdaigh, agus a chuid smaointe faoin gcaoi a dtabharfar aghaidh ar na dúshláin seo.

5.2.6. De réir fhorálacha an chomhaontaithe comhair, ba cheart go rachadh poist na Stiúrthóirí agus na Leas-Stiúrthóirí faoi uainíocht idir na Coistí gach cúig bliana i bprionsabal.

6. **Critéir roghnúcháin**

Déanfar an roghnúchán trí bhíthin agallaimh, agus lena linn sin cuirfidh an painéal roghnúcháin (féach pointe 7.3.2) roinnt ceisteanna comhchosúla ar gach iarrthóir chun meastóireacht chomparáideach a dhéanamh ar na hiarrthóirí atá á mbreithniú ag an gcéim seo.

Beidh an t-agallamh dírithe go sonrach ar na nithe seo a leanas:

— eolas ar thimpeallacht theangeolaíoch institiúidí an Aontais Eorpaigh, ar mhodhanna oibre, ar dhúshláin agus ar dheiseanna atá le teacht go háirithe ó thaobh na hintleachta saorga de agus ó thaobh réitigh TF le haghaidh seirbhísí teanga de;

— cúlra agus cumais a bhaineann le fadbhreathnaitheacht;

— taithí ar athruithe a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh modhanna agus próisis oibre a nuachóiriú trí theicneolaíochtaí;

— scileanna bainistíochta, an cumas chun straitéisí nua a dhearadh agus a chur chun feidhme, chun cuspóirí Stiúrthóireacht an Aistriúcháin amach anseo a mhúnlú, chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a chur i láthair agus a mhíniú agus chun comhoibriú go gníomhach le Stiúrthóireachtaí eile;

— spreagadh agus scileanna idirphearsanta;

— an cumas cumarsáid a dhéanamh, labhairt go poiblí, cur ina luí agus caibidlíocht a dhéanamh;

— tionscnaimh, réamhghníomhaíocht agus cumas cruthaithe chun athrú a bhrú agus a chur chun feidhme go rathúil;

— cumas ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na Stiúrthóireachta agus na gCoistí ar an leibhéal idirinstitiúideach.

Ar chúiseanna feidhmithe agus chun an nós imeachta roghnúcháin a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir ar mhaithe le leas na n-iarrthóirí agus na hinstitiúide, is i mBéarla nó i bhFraincis a bheidh an t-agallamh, de réir rogha an iarrthóra. Maidir le hiarrthóirí arb é an Béarla nó an Fhraincis a bpríomhtheanga, déanfar an t-eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a thástáil le linn an agallaimh freisin. Ina theannta sin, déanfar an cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh a mheas le linn an agallaimh (féach pointe 4).

Chun an leibhéal is airde éagsúlachta i mbainisteoirí sinsearacha a dheonú, i gcás an fhiúntais chéanna a bheith ag roinnt iarrthóirí a dhéanann iarratas faoin gcatagóir chéanna (Ealaín. 29§ 1a), b) nó 29§ 2 in ord íslitheach de réir tosaíochta), déanfar tosaíocht a thabhairt d'iarrthóirí baineanna nó d'iarrthóirí ar dócha go méadóidh siad an éagsúlacht gheografach i measc bhainisteoirí sinsearacha CnR.

7. **Dul chun cinn an nós imeachta**

7.1. ***Comhaid iarratais a chur isteach***

Ní mór na comhaid iarratais a chur isteach trí mheán leictreonach amháin *i bhformáid pdf* ***nach mó ná*** *10 MB* chuig an seoladh seo a leanas: DirectorDT@cor.europa.eu.

Is féidir le hiarrthóirí faoi mhíchumas lena chuirtear cosc orthu a n-iarratas a chur isteach ar líne a n-iarratas a sheoladh trí sheachadadh cláraithe agus taifeadta chuig an seoladh seo a leanas: *Comité européen des régions, à l'attention du chef de l'unité Recrutement et carrière, rue Belliard/Belliardstraat 101, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË,* agus é marcáilte mar a leanas: 'Confidentiel – avis de vacance – à ne pas ouvrir par le service courrier', faoin spriocdháta a luaitear i bpointe 7.2 ar a dhéanaí, agus an postmharc mar chruthúnas ar dháta. Sa chás seo, ní mór do na hiarrthóirí teastas arna eisiúint ag comhlacht údaraithe a chur i gceangal lena n-iarratas, lena aithnítear a stádas mar dhuine faoi mhíchumas. Iarrtar orthu freisin a chur in iúl, i scríbhinn, aon cheanglas a mheasann siad a bheith riachtanach chun a rannpháirtíocht sa nós imeachta earcaíochta a éascú. Déanfar aon chumarsáid bhreise idir CnR agus na hiarrthóirí seo tríd an bpost. Forchoimeádann CoR an ceart chun soiléirithe a iarraidh ar na doiciméid tacaíochta a iarrtar thíos

Ní mór tagairt an fhógra folúntais **(COR/AD 14/35 BIS/23)** a lua sa chomhad iarratais agus ní mór na rudaí seo a leanas a bheith ann:

— litir chumhdaigh (5 leathanach ar a mhéad) i mBéarla nó i bhFraincis, agus í dátaithe agus sínithe, lena léireofar leas an iarrthóra chun dualgais Stiúrthóir an Aistriúcháin a ghlacadh agus an tuiscint atá aige ar na dúshláin a bheidh le sárú ag an Stiúrthóireacht amach anseo, mar atá leagtha amach ina litir chumhdaigh, agus a chuid smaointe faoin gcaoi a dtabharfar aghaidh ar na dúshláin seo.

— curriculum vitae cothrom le dáta (i bhformáid Europass);

— dearbhú dátaithe agus sínithe de mheon macánta (féach an fhoirm in Iarscríbhinn 1) lena ndeimhnítear gur comhlíonadh na coinníollacha incháilitheachta a liostaítear i bpointe 4;

— an seicliosta a thaispeántar in Iarscríbhinn 2, agus é dátaithe agus sínithe;

— cóip de dhoiciméad aitheantais;

— cóip den dioplóma a thugann rochtain ar an ngrád (féach pointe 4);

— cóip de na cruthúnais tacaíochta ar thaithí ghairmiúil lena bhféadfar taithí an iarrthóra a fhíorú, i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach i bpointe 4;

— Iarscríbhinn 3, agus é dátaithe agus sínithe.

Déanfar urramú na gcritéar incháilitheachta a leagtar amach i bpointe 4 a sheiceáil ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil sna doiciméid tacaíochta amháin. Ní chuirfear san áireamh faisnéis a chuirtear ar fáil sa CV nó sa litir chumhdaigh amháin gan tacaíocht ó dhoiciméid tacaíochta.

Maidir leis an taithí ghairmiúil a éilítear faoi phointe 4, ní mór cóipeanna de na cruthúnais ar thaithí ghairmiúil a sholáthar lena dtaispeántar ábhar na ndualgas, an fad ama ar sealbhaíodh na poist agus an leibhéal freagrachta a bhain leo.

Bunófar an fíorú ar urramú na gcritéar incháilitheachta maidir leis an eolas teangeolaíoch a éilítear ar an dearbhú de mheon macánta; déanfar leibhéal na scileanna teanga a thástáil le linn an agallaimh roghnóireachta (féach pointe 6 den fhógra folúntais).

Beidh réamhroghnú na n-iarrthóirí incháilithe bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i bpointe 5.2. Iarrtar ar na hiarrthóirí aird a tharraingt ina CV agus ina litireacha cumhdaigh ar gach gné ábhartha dá dtaithí ghairmiúil lena gcuirfear ar chumas an phainéil roghnúcháin an méid comhfhreagrais le riachtanais an fhógra folúntais seo a mheas.

Agus an comhad iarratais á ullmhú, ní gá go ndeimhneofaí go bhfuil na cóipeanna i gcomhréir leis an mbunchóip.

Ní bhreathnófar ar chomhaid iarratais neamhiomlána ná ar chomhaid a chuirtear isteach tar éis an spriocdháta le haghaidh cur isteach dul in éag nó mura n-urramaítear na forálacha lena rialaítear cur isteach comhaid iarratais. Cuirfidh aon dearbhú bréagach an t-iarratas ar neamhní go huathoibríoch.

Cuirtear in iúl d'iarrthóirí nach bhfuil cead acu dul i dteagmháil go pearsanta le baill an phainéil roghnúcháin ná iarraidh ar chomhaltaí CnR/comhaltaí malartacha déanamh amhlaidh agus gur forais dícháilithe ón nós imeachta é déanamh amhlaidh.

7.2. ***An spriocdháta chun comhaid iarratais a chur isteach: 15 Nollaig 2023 ag meán lae (am na Bruiséile)***

Gheobhaidh na hiarrthóirí admháil trí ríomhphost go bhfuarthas a gcomhad iarratais. Déanfar comhaid iarratais a thagann tríd an bpost cláraithe de réir phointe 7.1 a admháil tríd an bpost.

7.3. ***Scrúdú ar na comhaid iarratais: scagadh incháilitheachta tosaigh, réamhroghnú agus roghnú***

7.3.1. Bunaithe ar anailís ullmhúcháin arna déanamh ag an Ardrúnaíocht, déanfaidh painéal roghnúcháin incháilitheacht na n-iarrthóirí a chuir a n-iarratais isteach laistigh den spriocdháta a mheas ar bhonn na ndoiciméad tacaíochta a iarrtar faoi phointe 7.1.

7.3.2. Beidh an painéal roghnúcháin comhdhéanta d'Uachtarán CnR, an chéad leas-uachtarán CnR agus cathaoirligh na sé ghrúpa pholaitiúla (nó a n-ionadaithe) i CnR. Beidh baint ag Ard-Rúnaí CnR ag gach céim den phróiseas roghnúcháin chun tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil a sholáthar don phainéal roghnúcháin. Beidh Ard-Rúnaí CESE nó a ionadaí páirteach in imeachtaí an phainéil le linn an scagtha incháilitheachta tosaigh agus an réamhroghnaithe freisin.

7.3.3. Fíoróidh an painéal roghnúcháin ar dtús go bhfuil na coinníollacha incháilitheachta á gcomhlíonadh ar bhonn an dearbhaithe de mheon macánta, na litreach chumhdaigh, an CV agus na gcóipeanna de na doiciméid atá liostaithe i bpointe 7.1 den fhógra folúntais seo. Tá na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáiltear ag an gcéim seo den nós imeachta liostaithe i bpointe 4.

Na hiarrthóirí a measúnaítear a n-iarratas a bheith neamh-incháilithe, cuirfear an méid sin in iúl dóibh.

7.3.4. Beidh na hiarratais a ghlacfar ag deireadh na céime a bhfuil cur síos uirthi sa phointe thuas faoi réir próisis réamhroghnaithe ansin ag an bpainéal roghnúcháin le cúnamh ón Ard-Rúnaí. Déanfar é seo ar bhonn an chomhaid iarratais. Tiomsófar ainmneacha na n-iarrthóirí is fearr a shásaíonn na critéir atá leagtha síos i bpointe 5.2 den fhógra folúntais seo ar ghearrliosta ina mbeidh **seacht n-ainm** ar a mhéad.

Agus an réamhroghnú seo atá bunaithe ar na comhaid a chur san áireamh, iarrtar ar na hiarrthóirí a chur in iúl ina litir chumhdaigh na gnéithe sin dá CV a fhreagraíonn do na dualgais atá i gceist, na próisis mhóra claochlaithe a sheol siad go pearsanta, a spreagadh agus a dtuairimí faoi na dúshláin atá le sárú amach anseo do Stiúrthóireacht an Aistriúcháin.

7.3.5. Tabharfar cuireadh ansin do na hiarrthóirí ar an ngearrliosta chuig measúnú in 'ionad measúnaithe', agus cuirfear an clár agus an mhodheolaíocht in iúl dóibh in am trátha. Déanfaidh an measúnú seo meastóireacht ar scileanna bainistíochta na n-iarrthóirí (bainistiú faisnéise, tascanna, daoine, caidreamh idirphearsanta agus an cumas cuspóirí a bhaint amach). Is ionann é sin agus tuairim neamhcheangailteach a chuirtear ar fáil don phainéal roghnúcháin i bhfianaise an agallaimh roghnóireachta.

7.3.6. Tar éis an ionaid mheasúnaithe, tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí céanna ar an ngearrliosta chuig agallamh leis an bpainéal roghnúcháin de réir fhorálacha phointe 6. Le linn an phróisis seo, cabhróidh an tArd-Rúnaí leis an bpainéal roghnúcháin agus cuirfidh sé torthaí an ionad measúnaithe i láthair.

Following the interview, the selection panel will decide which candidate is deemed most suitable to assume the duties of Director for Translation. This candidate will then be proposed by the Secretary-General to the Bureau, which can invite the proposed candidate for a hearing. Tar éis an agallaimh, cinnfidh an painéal roghnúcháin cé acu de na hiarrthóirí a mheastar a bheith is oiriúnaí chun dualgais Stiúrthóir an Aistriúcháin a ghlacadh. Déanfaidh an tArd-Rúnaí an t-iarrthóir seo a mholadh don Bhiúró ansin, agus is féidir leis an mBiúró cuireadh a thabhairt don iarrthóir molta chun éisteachta.

Na hiarrthóirí siúd nach moltar a gceapadh, cuirfear an méid sin in iúl dóibh ag deireadh an nós imeachta.

I gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta CnR, braitheann ceapachán aon oifigigh i ngrád níos airde ná AD 12 ar vóta fabhrach ón mBiúró. I gcás vóta fabhrach, ordóidh an Biúró d'Uachtarán CnR an cinneadh i ndáil le ceapadh an iarrthóra roghnaithe a shíniú. I gcás nach bhfuil an vóta ón mBiúró fabhrach, cuirtear deireadh leis an nós imeachta gan aon iarrthóir a cheapadh.

Faoi chuimsiú an fhógra folúntais seo, scrúdóidh an tÚdarás Ceapacháin na féidearthachtaí a bheidh ann an folúntas a líonadh i gcomhréir leis an ord atá leagtha amach in Airteagal 29 de na Rialacháin Foirne: scrúdú a dhéanamh ar iarratais arna dtíolacadh faoi Airteagal 29(1)(a) (post le líonadh trí aistriú, trí cheapachán nó trí ardú céime), ansin Airteagal 29(1)(b) (aistriú idir institiúidí), agus ar deireadh, Airteagal 29(2). Déanfar an t-ordú seo a urramú ag gach ceann de na céimeanna atá leagtha amach thuas.

8. **Téarmaí earcaíochta**

Má chuirtear an t-iarratas isteach faoin bhfógra folúntais seo, ceapfar an t-iarrthóir a roghnófar ina Stiúrthóir ar Stiúrthóireacht an Aistriúcháin (grád AD 14).

Prior to recruitment, the selected candidate will need to provide an extract from the criminal record in order to demonstrate that all statutory requirements in terms of character references are met. Roimh earcaíocht, beidh ar an iarrthóir roghnaithe sliocht ón taifead coiriúil a sholáthar chun a léiriú go bhfuil na ceanglais reachtúla go léir i dtéarmaí teistiméireachtaí carachtair á gcomhlíonadh.

9. **Barúlacha**

Déanfar an ceapachán faoi réir dóthain airgid a bheith ar fáil.

Láimhseálfar na sonraí pearsanta atá in iarratais i gcomhréir leis an reachtaíocht Eorpach um chosaint sonraí.

Mar fhostóir, cuireann CnR beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena chuirtear cosc ar aon idirdhealú, agus tá sé tiomanta freisin don chomhshaol a chosaint.

Amchlár sealadach:

Spriocdháta le haghaidh iarratas:	15 Nollaig 2023
Seiceáil incháilitheachta + gearrliosta:	Eanáir 2024
Ionad measúnaithe:	Deireadh Feabhra 2024
Agallaimh:	Lár mhí an Mhárta 2024
Dáta earcaíochta ionchais:	Iúil 2024

10. **Gearáin**

Beag beann ar a gceart chun gearán a dhéanamh faoi Airt. 90(2) nó achomharc a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airt. 91 de na Rialacháin Foirne, is féidir le hiarrthóirí athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar aon chinneadh ón bpainéal roghnúcháin a dhéanann difear díreach agus láithreach dá stádas sa roghnúchán ar fhorais neamhchomhlíonta na rialacha lena rialaítear an nós imeachta roghnúcháin mar atá leagtha síos san fhógra folúntais. Ní mór an t-iarratas a dhéanamh trí ríomhphost (DirectorDT@cor.europa.eu) laistigh de 5 lá oibre ón dáta a gcuirtear an cinneadh in iúl don iarrthóir trí ríomhphost. Caithfidh sé an cinneadh agus na forais ar a bhfuil an iarraidh bunaithe a léiriú.

Déanfaidh an painéal roghnúcháin cinneadh agus seolfar freagra réasúnaithe chuig an iarrthóir in am trátha.

IARSCRÍBHINN I

FÓGRA FOLÚNTAS Uimh. COR/AD14/35 BIS/23

Dearbhú de mheon macánta

Airteagal 29(2)

AN T-IARRTHÓIR

Sloinne agus Túsainm: .....

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid go léir a soláthraítear i m'iarratas fíor agus iomlán.

Dearbhaím ar m'onóir go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas fíor ar an dáta deiridh le haghaidh iarratas:

i. is náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh mé;

ii. tá cearta iomlána agam mar shaoránach;

iii. tá me i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta maidir le seirbhís mhíleata;

iv. soláthróidh mé na teistiméireachtaí carachtair is gá chun na dualgais a chomhlíonadh;

v. a mhéid is eol dom, táim aclaí go fisiciúil chun na dualgais atá beartaithe a chomhlíonadh;

vi. tá mé faoi bhun na haoise scoir, a shocraítear, d'oifigigh agus d'fhoireann eile an Aontais Eorpaigh, ag deireadh na míosa ina bhfuil 66 bliana d'aois bainte amach;

vii. tá leibhéal ardoideachais agam atá comhionann le cúrsa iomlán staidéir ollscoile arna fhianú ag céim agus ar ceithre bliana nó níos mó gnáthréimhse na staidéar sin, nó leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán staidéar ollscoile arna fhianú ag céim agus ar trí bhliain ar a laghad gnáthréimhse na staidéar sin agus taithí ghairmiúil ábhartha aon bliana amháin ar a laghad ina dhiaidh sin;

viii. tá taithí ghairmiúil cúig bliana déag ar a laghad agam i réimse a bhaineann leis an bpost, agus cúig bliana ar a laghad dóibh siúd faighte i bpost bainistíochta (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis agus leibhéil níos airde);

ix. tá mé líofa ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh mar phríomhtheanga agus tá eolas sásúil ar a laghad agam ar dhara teanga oifigiúil de chuid an Aontais;

x. tá eolas maith ar a laghad agam ar an mBéarla nó ar an bhFraincis (Leibhéal B2).

Is cuid dhílis den chomhad iarratais é an dearbhú seo, mar aon leis an seicliosta, agus ní mór é a cheangal le mo litir chumhdaigh oifigiúil.

Tá a fhios agam:

— go ndiúltófar do m'iarratas mura gcuirim na doiciméid iarrtha isteach de réir na socruithe a gceanglaítear leis an bhfógra folúntais;

— go mbeidh aon dearbhú bréagach ina chúis le neamhniú uathoibríoch m'iarratais.

Dáta: .....

Síniú: .....

IARSCRÍBHINN II

FÓGRA FOLÚNTAS Uimh. COR/AD 14/35 BIS/23

SEICLIOSTA

Airteagal 29(2)

DEARBHAÍONN AN T-IARRTHÓIR

Sloinne agus Túsainm: .....

go bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas sa chomhad iarratais (cuir cros sna boscaí cuí):

	Tá	**Níl**
1. Cóip den dioplóma ollscoile a dheimhníonn ceithre bliana staidéir nó níos mó **nó** Cóip den dioplóma ollscoile lena deimhnítear trí bliana staidéir nó níos mó **agus** Taithí ghairmiúil chuí de bhliain amháin ar a laghad	☐	☐
2. Deimhnithe lena gcumhdaítear taithí ghairmiúil 15 bliana agus cúig bliana díobh ar a laghad caite i bpost bainistíochta (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis agus leibhéil níos airde)	☐	☐
3. Cóip de dhoiciméad aitheantais oifigiúil	☐	☐
4. Litir chumhdaigh (cúig leathanach ar a mhéad) i mBéarla nó i bhFraincis	☐	☐
5. CV i bhformáid Europass i mBéarla nó i bhFraincis	☐	☐
6. Dearbhú de mheon macánta, dátaithe agus sínithe	☐	☐

Dáta: .....

Síniú: .....

IARSCRÍBHINN III

Forálacha maidir le hiarratais ar athbhreithniú – Achomhairc – Gearáin chuig an Ombudsman Eorpach – Comhionannas deiseanna– Rochtain ar dhoiciméid – sonraí pearsanta a Chosaint

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ:

Is féidir athbhreithniú a iarraidh más rud é:

— gur mhainnigh an painéal roghnúcháin cloí leis na forálacha lena rialaítear an nós imeachta roghnúcháin;

— gur mhainnigh an painéal roghnúcháin cloí leis na forálacha lena rialaítear a chuid oibre.

Tabhair faoi deara go bhfuil lánrogha leathan ag an bpainéal roghnúcháin maidir le measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil agus a mhéid atá do chuid freagraí cruinn nó mícheart. Mar sin ní fiú do mharcanna a chonspóid ach amháin má tharla earráid fhollasach dlí nó fíorais.

Ní mór duit d'iarratas a bhfuil bunús cuí leis a chur isteach laistigh de chúig lá oibre ó dháta seolta an ríomhphoist diúltaithe. Is ionann an seoladh agus an seoladh chun iarratais a chur isteach. Cuirfidh an Roinn Acmhainní Daonna do litir ar aghaidh chuig comhaltaí an phainéil roghnúcháin, a scrúdóidh í agus a dhéanfaidh cinneadh laistigh de chúig lá oibre.

I líne ábhair do litreach, luaigh le do thoil:

— uimhir an fhógra folúntais

— 'iarratas ar athbhreithniú' ('demande de réexamen'),

— céim an roghnúcháin lena mbaineann (incháilitheacht, réamhroghnú, etc.).

Tabhair faoi deara nach féidir aon iarratas ar athbhreithniú a thaisceadh tar éis an agallaimh..

ACHOMHAIRC:

Ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin, má chreideann tú gur ghníomhaigh CnaR nó an painéal roghnúcháin go héagórach nó nár urramaigh sé forálacha an fhógra folúntais, agus gur cuireadh faoi mhíbhuntáiste thú dá bharr, féadfaidh tú gearán riaracháin a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, trí r-phost a sheoladh chuig an Ard-Rúnaí ag an seoladh feidhmiúil céanna: DirectorDT@cor.europa.eu

I líne ábhair do litreach, luaigh le do thoil:

— uimhir an fhógra folúntais,

— gearán faoi Airteagal 90(2) de na Rialacha Foirne ('réclamation article 90, paragraphe 2, du statut'),

— céim an roghnúcháin lena mbaineann (incháilitheacht, réamhroghnú, toradh deiridh, etc.).

Tabhair faoi deara go bhfuil lánrogha leathan ag an bpainéal roghnúcháin.

Ní fiú gearán a dhéanamh i gcoinne chinneadh an phainéil roghnúcháin, mar go n-oibríonn siad go hiomlán neamhspleách agus ní féidir leis an Údarás Ceapacháin a gcinntí a chur ar ceal. Ní bheidh an rogha leathan sin faoi réir seiceálacha ach amháin i gcás sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear a gcuid oibre. Sa chás sin, féadfar agóid a dhéanamh i gcoinne cinnidh ón bpainéal roghnúcháin go díreach os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gan gearán a bheith taiscthe ar dtús faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne. Féadfar achomharc a thaisceadh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne le:

An Chúirt Ghinearálta
Boulevard Konrad Adenauer
L-2925 Lucsamburg
Lucsamburg

Chun sonraí a fháil faoi conas achomharc a chur isteach, féach ar shuíomh Gréasáin na Cúirte Ginearálta (https://curia.europa.eu/jcms/jcms/Jo2_7033/ga/).

I gcás an dá nós imeachta, tosaíonn na teorainneacha ama ón dáta a chuirtear in iúl duit faoin gcinneadh is ábhar don achomharc.

GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Cosúil le gach saoránach den Aontas Eorpach, is féidir gearán a dhéanamh leis an:

Ombudsman Eorpach
1, avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67 001 Strasbourg
An Fhrainc
https://www.ombudsman.europa.eu/ga/home

Tabhair faoi deara nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman Eorpach ar an tréimhse ama atá leagtha síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne chun gearáin nó achomhairc a dhéanamh leis an gCúirt Ghinearálta faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ar an gcaoi chéanna, tabhair faoi deara, faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta lena rialaítear feidhmiú dhualgais an Ombudsman, nach mór teagmháil iomchuí a bheith déanta roimh ré leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfar aon ghearán a thaisceadh leis an Ombudsman.

DEISEANNA COMHIONANNA

Féachfaidh Coiste na Réigiún chuige go seachnófar cineál ar bith idirdhealaithe le linn an roghnúcháin. Cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann sé le hiarratais gan aon idirdhealú bunaithe ar inscne, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, stádas pósta nó staid teaghlaigh.

Tugtar cuireadh d'iarrthóirí faoi mhíchumas aon riachtanais speisialta a d'fhéadfadh a bheith acu a chur in iúl i nóta rúnda faoi shéala a ghabhann lena n-iarratas. Déileálfar leis an iarratas seo de dhiscréid iomlán, agus ní choimeádfar aon taifead de.

IARRATAÍ Ó IARRTHÓIRÍ AR ROCHTAIN AR DHOICIMÉID A BHAINEANN LEO GO DÍREACH

Tá ceart sonrach rochtana ag iarrthóirí ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach.

Féadfaidh iarrthóirí a ligtear isteach san ionad measúnaithe agus an t-agallamh ó bhéal cóip dá dtuarascáil measúnaithe aonair a fháil, arna iarraidh sin. Ní féidir gach iarratas ar chóipeanna a thabhairt isteach ach amháin nuair a bheidh an nós imeachta roghnúcháin curtha i gcrích.

Déileálfar le hiarratais i gcomhréir leis an gceanglas maidir le hobair an phainéil roghnúcháin a bheith faoi rún agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh CoR, mar an comhlacht atá freagrach as an roghnúchán seo a eagrú, go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i gcomhlíonadh go docht le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), go háirithe maidir le rúndacht agus slándáil.

Soláthraíonn Oifigeach Cosanta Sonraí CnR feidhm chomhairleach neamhspleách maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1725 agus ceanglaítear air clár lárnach a choinneáil de na taifid ar fad ar ghníomhaíochtaí próiseála ar shonraí pearsanta a dhéanann an institiúid.

([1]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295/39, 21.11.2018, lch. 39).

Baileofar agus próiseálfar sonraí pearsanta chun an roghnúchán seo a eagrú agus an toradh a bhainistiú (lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le haon iniúchtaí inmheánacha nó seachtracha nó aon imeachtaí dlíthiúla a bhaineann leis an roghnúchán) agus chuige sin amháin; i gcás inarb ábhartha, cuirfear sonraí áirithe le comhad pearsanta na n-iarrthóirí ar éirigh leo a bheith ina n-oifigigh.

Is iad faighteoirí na sonraí:

— an fhoireann atá i bhfeighil an nós imeachta earcaíochta laistigh den Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus Airgeadais;

— comhaltaí an phainéil roghnúcháin;

— i gcás inarb infheidhme, an tSeirbhís Dlí;

— i gcás inarb infheidhme, an tseirbhís iniúchóireachta inmheánaí, an Chúirt Iniúchóirí, na húdaráis araíonachta, OLAF agus an Chúirt Bhreithiúnais.

Tá ceart rochtana, ceartaithe, scriosta agus agóide ag iarrthóirí (r-phost: DirectorDT@cor.europa.eu) ar iarratas ar chearta rochtana agus ceartaithe.

Tá rochtain ag iarrthóirí ar a n-iarratais, agus tá ceart ceartúcháin acu ina leith:

— maidir leis na doiciméid lena dtaispeántar incháilitheacht, suas go dtí an data deiridh le haghaidh iarratais;

— maidir le sonraí céannachta, gan aon teorainn ama.

Ceart agóide agus scriosta: laistigh de chúig lá oibre ón iarratas a fháil.

Coimeádfaidh an roinn atá freagrach sa riarachán doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin (lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na hiarrthóirí diúltaithe) ar feadh cúig bliana tar éis an t-iarrthóir is oiriúnaí a earcú (tá údar leis an tréimhse seo mar gheall ar an gá le bheith in ann freagra a thabhairt ar a nós imeachta iniúchta féideartha).

Scriosfar aon doiciméid a bhaineann le hiarraidh maidir le míchumas tar éis dheireadh an nós imeachta, mura rud é gur tabhaíodh costais de thoradh na hiarrata sin, agus sa chás sin coimeádfar iad ar feadh cúig bliana (tá údar leis an tréimhse sin toisc an gá a bheith in ann freagra a thabhairt ar nós imeachta iniúchta féideartha).

Nuair a bheidh an tréimhse choinneála caite, scriosfar na doiciméid.

Dírítear aird na n-iarrthóirí ar an bhfíric go bhfuil an rogha acu dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí CnR: data.protection@cor.europa.eu agus dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí ag am ar bith: edps@edps.europa.eu.

Arna fháil ag an iarrthóir: . . . . . .

Dáta: . . . . . .

Síniú: . . . . . .